Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13709/21**

**COH 62**
**FIN 875**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12913/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Interreg cooperation: The potential of the European Union's cross-border regions has not yet been fully unlocked [Comhar Interreg: níor baineadh leas iomlán fós as acmhainneacht réigiúin trasteorann an Aontais Eorpaigh]<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 9 Samhain 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *Interreg cooperation: The potential of the European Union's cross-border regions has not yet been fully unlocked* [Comhar Interreg: níor baineadh leas iomlán fós as acmhainneacht réigiúin trasteorann an Aontais Eorpaigh], a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3822ú cruinniú a bhí aici an 9 Samhain 2021.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
***Interreg cooperation: The potential of the European Union's cross-border regions has not yet been fully unlocked*** **[Comhar *interreg*: níor baineadh leas iomlán fós as acmhainneacht réigiúin trasteorann an Aontais Eorpaigh]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt' feasta) agus na barúlacha ó údaráis an chláir agus ón gCoimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) MEASANN SÍ gur rannchuidiú úsáideach í an Tuarascáil i bhfianaise ullmhú agus chur chun feidhme na gclár um chomhar Interreg (Snáithe A) don tréimhse 2021-2027;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur díríodh, san iniúchadh a rinne an Chúirt agus ar cuireadh síos uirthi sa tuarascáil, ar cibé acu ar thug an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit aghaidh go héifeachtach, sa chlárthréimhse 2014-2020, ar dhúshláin na réigiún trasteorann sna cláir chomhair maidir le teorainneacha inmheánacha. Déantar tagairt sa Tuarascáil freisin don tacaíocht ón gCoimisiún do Interreg sa tréimhse 2021-2027, agus cuirtear i dtábhacht inti gur cuireadh anailís níos dírithe ar fáil, sna páipéir um threoshuíomh teorann don tréimhse 2021-2027, ar na dúshláin trasteorann, agus do thionchar COVID-19 ar chláir Interreg;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- bhí straitéisí soiléire ag na cláir chomhair a scrúdaíodh ach níorbh fhéidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin trasteorann ar fad ar chúiseanna éagsúla;
- toisc a ghainne atá na hacmhainní a leithdháiltear ar sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg), ní mór an cistiú a dhíriú ar an áit inar dócha go mbeidh an breisluach is mó mar thoradh air;
- mar thoradh ar líniú soiléir teorann a bheith in easnamh go minic idir na cláir chomhair agus na cláir phríomhshrutha, d’fhéadfadh sé tarlú go maoineofaí, leis an an dá fhoinse chistiúcháin, an cineál céanna oibríochtaí;
- ní dhearna formhór údaráis na gclár a scrúdaíodh na tionscadail a rangú ó thaobh fiúntais de chun a áirithiú nach ndéanfaí ach na tograí is fearr a mheas le haghaidh cistiú;
- is bunaithe ar chritéir SMART a bhí na cuspóirí ar leith agus bhí táscairí aschuir agus toraidh intomhaiste go ginearálta. Bhí laigí, áfach, in ábharthacht agus indéantacht na dtáscairí aschuir agus toraidh;
- Teipeadh éifeacht trasteorann na n-oibríochtaí tacaithe a nochtadh i gcónaí toisc nach raibh sonraí ar fáil nó toisc nár leordhóthanach a comhordaíodh iad idir na Ballstáit;
- Bhain údaráis na gclár comhair úsáid as na bearta atá ar fáil faoi thionscnaimh CRII agus CRII+ chun éifeachtaí ráig COVID-19 a mhaolú;

(5) ADMHAÍONN SÍ na moltaí a thug an Chúirt:

- chun na cláir chomhair a dhíriú ar bhealach níos fearr;
- Tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail ar bhonn fiúntais agus úsáid á baint as scóir;
- táscairí a úsáid arb é is aidhm dóibh éifeacht tionscadal trasteorann a nochtadh;

(6) TAGANN SÍ ar an mórgóir le tuairimí údaráis na gclár a scrúdaíodh faoi na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe:

- leis na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana, téitear i ngleic cheana le comhordú idir na cláir chomhair agus na cláir phríomhshrutha;
- tá ionadaithe institiúidí na gclár príomhshrutha i láthair ag cruinnithe choistí faireacháin *Interreg* ach MEASANN SÍ go bhféadfaí a láithreacht a fheabhsú a thuilleadh;
- tugtar tosaíocht agus tacaíocht do thionscadail ar bhonn fiúntais agus úsáid á baint as scóir; Cé go mbíonn próiseas roghnúcháin níos trédhearcaí agus níos soiléire mar thoradh ar chur chuige fiúntais, TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhféadfadh sé nach léireodh an cur chuige sin breisluach tionscadal nuálach i gcónaí. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí é a chomhlánú le measúnú cáilíochtúil do gach tionscadal;

(7) TAGANN SÍ ar an mórgóir le tuairimí an Choimisiúin faoi na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe:

- tá tionscadail i gcláir chomhair éagsúil ó na tionscadail phríomhshrutha toisc gur comhar éigeantach atá i gceist leo agus, dá bhrí sin, is féidir, i bprionsabal, comhar agus cláir phríomhshrutha a bheith faoi na cuspóirí sonracha céanna agus a bheith comhlántach;
- is é is aidhm don chreat rialála don tréimhse 2021-2027 comhar idir réigiúin agus na Ballstáit a éascú agus a mhéadú laistigh de na cláir 'phríomhshrutha' den bheartas comhtháthaithe agus MEASANN SÍ go bhféadfadh cláir phríomhshrutha réigiún trasteorann tairbhiú de bhuntáiste a bhaint as torthaí rathúla *Interreg* agus, i gcás inarb infheidhme, as sineirgí agus comhlántachtaí le tosaíochtaí na straitéisí macraireígiúnacha agus na straitéisí/tionscnaimh imchuach farraige;
- don tréimhse 2021-2027, tá an gá le tosaíocht a thabhairt do dhúshláin trasteorann aistrithe isteach sna ceanglais reachtacha;
- áirítear i Rialachán CFRE/an Chiste Comhtháthaithe 2021-2027 comhtháscairí tiomnaithe aschuir agus toraidh *Interreg*, ar cheart dóibh a bheith ina gcuidiú chun éifeacht tionscadal trasteorann a nochtadh;

(8) CUIREANN SÍ an méid seo a leanas I bhFIOS GO LÁIDIR:

- le creat rialála 2021-2027, cuireadh feabhas cheana féin ar chúrsaí agus d’fhéadfaí, dá nglacfaí na moltaí a thug an Chúirt, borradh a chur faoin gclársceidealú agus faoi chur chun feidhme na gclár;
- Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, cuireadh moill freisin ar ghlacadh chreat rialála 2021-2027;

(9) MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint dá iarrachtaí tacú le forbairtí nua sonraí, go háirithe maidir le staidreamh trasteorann, faoi chuimsiú Eurostat; Is DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh a rinneadh le haghaidh táscairí trasteorann in ESPON agus INTERACT.

(10) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar chláir *Interreg*.